

Is mar chuid de shraith aonad a pléadh sa seimineár gréasáin, *Pleanáil don Teagasc, Foghlaim agus Measúnú: Cur Chuige Scoil Amháin*, a forbraíodh an t-aonad seo, a bhfuil taifeadadh de ar fáil ag: [www.jct.ie/maths/planning\\_resources](http://www.jct.ie/maths/planning_resources).

## Dara Bliain

### Coincheap:

#### Coibhneasa agus Athróga IV

Daingniú ar an tuiscint ar na naisc idir léirithe patrún agus foirm ailgéabrach ghinearálaithe (líneach agus cearnach) agus imscrúdú ar choibhneasa easpóntantúla

### Comhthéacs an Scoláire:

Scoláirí an Dara Bliana.

### Torthaí Foghlama:

AF1 (a), (b), (c), AF2 (a), (b), (c), AF3 (a) (i), (ii), (iii), (b), (i), (ii), (d) (i), (ii), (iii), (iv), (v), AF4 (a), (b), (d), AF5, AF6, AF7 (a), (b), N1 (c)

Torthaí Foghlama ón snáithe Aontaitheach agus is é an múinteoir ranga a chinnefidh orthu.

### Príomhfhoghlaim:

- Déanann scoláirí anailís ar phatrúin (láimhseoga, liosta, tábla, grafach, i bhfíorrial srl.)
  - I gcás coibhneasa líneacha agus cearnacha:
    - An téarma ginearálta a fhorbairt
    - Tosú a scrúdú coibhneasa idir na tairisigh agus na hathróga
    - Cásanna a léiriú agus fadhbanna a réiteach i gcomhthéacs
  - I gcás coibhneasa easpóntantúla a bheith ábalta ar:
    - an cineál patrúin a aithint agus a chosaint
- Léiríonn agus fuasclaíonn scoláirí cothromóidí líneacha agus cearnacha go grafach agus go hailgéabrach agus suíomhanna a aithint ina mbeidh straitéis nó gnás matamaitice amháin níos oiriúnaí ná a chéile
- Forbraíonn scoláirí a dtuiscint ar athróga i gcomhthéacs patrúin agus coibhneasa líneacha, cearnacha, easpóntantúla agus fíorshaoil, ina measc:
  - Athróga a úsáid chun cainníocht anaithnide a léiriú
  - Athróga a úsáid chun fadhb a mhatamaiticiú
- Ba cheart do scoláirí a dtuiscint ar choibhneasa mar fheidhmeanna a fhorbairt, ina measc:
  - Léirithe grafacha a úsáid chun fadhb a mhatamaiticiú
  - A bheith ábalta léirithe a léirmhíniú
  - Naisc a dhéanamh idir léirithe grafacha agus feiniméin ón bhfíorshaoil

### Measúnú Leanúnach

- An féidir le scoláirí an téarma ginearálta a fhorbairt le haghaidh coibhneasa líneacha agus cearnacha?
- An féidir le scoláirí coinbhéartú idir léirithe matamaiticiúla agus na feabhsuithe nó na srianta ar léirithe éagsúla a oibriú amach?
- An féidir le scoláirí cothromóidí líneacha agus cearnacha a léiriú agus a réiteach go grafach agus go hailgéabrach?
- An féidir le scoláirí coibhneasa easpóntantúla a aithint ag úsáid a gcomharthaí sóirt?
- An féidir le scoláirí an athróg spleách agus neamhspleách a aithint i bpatrún ó shuíomh san fhíorshaoil agus féachaint le patrúin a fheictear a ghinearálú?

### Eispéireas Foghlama

#### Notaí/Machnamh